Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2024
(OR. en)

15884/24

LIMITE

CORLX 1123
CFSP/PESC 1650
COLAC 161

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí[1], agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 28 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1574[2], lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2022/2319, lena mbunaítear creat tiomnaithe le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol agus a bhaineann an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Háítí, agus i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

(3) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di i gcónaí an staid i Háítí. D'iarr sí go n-imscarfaí go hiomlán an Misean Ilnáisiúnta Tacaíochta Slándála chun cabhrú le Póilíní Náisiúnta Háítí foréigean droinge a chomhrac agus an smacht reachta a athbhunú. D'iarr an Chomhairle Eorpach freisin go gcuirfí smachtbhannaí spriocdhírithe nua ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as an bhforéigean, chun rannchuidiú le hathbhunú na síochána, na slándála, na cobhsaíochta, an daonlathais agus an smachta reachta i Háítí.

PUBLIC

[2] Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí (IO L 192, 31.7.2023, lgh. 21-29).

(4) I bhfianaise na staide polaitiúla, eacnamaíche, slándála agus daonnúla atá ag dul in olcas i Háítí, lena n-áirítear mar thoradh ar an bhforéigean droinge atá ag dul in olcas, ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh gan staonadh ag na dronga, agus ar an tsaoirse leanúnach ó phionós do dhéantóirí coire, ba cheart triúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319, faoin gceannteideal 'A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2a(1) agus in Airteagal 3a(1)', cuirtear an tábla a leanas isteach:

'

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Jonel CATEL<br>ar a dtugtar freisin<br>Johns CATHEL | Feidhmeanna: Ceannaire droinge Terre Noire (atá cleamhnaithe le comhghuaillíocht drong G9)<br>Náisiúntacht: Háitíoch<br>Inscne: fireann | Is é Jonel Catel ceannaire droinge Terre Noir, atá cleamhnaithe le comhghuaillíocht drong G9 i Háítí.<br>Faoina cheannas, tá drong Terre Noir ag gabháil d'fhoréigean agus do ghníomhaíochtaí coiriúla i Háítí, lena n-áirítear robáil, cur ar fuascailt, fuadach, sracadh, dúnmharuithe agus éigniú.<br>Dá bhrí sin, tá Jonel Catel freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háítí i mbaol, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla leo agus a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear fuadach, dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. | + |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar chúiseanna | |
|---|---|---|---|---|
| 2. | Gabriel JEAN-PIERRE<br><br>ar a dtugtar freisin Ti-Gabriel; Ti Gabriel; Gabo | Feidhmeanna: Ceannaire chomhghuaillíocht drong GPep (cleamhnaithe le drong Brooklyn)<br><br>Dáta breithe: 31.03.1984<br><br>Náisiúntacht: Háitíoch<br><br>Inscne: fireann | Is é Gabriel Jean-Pierre ceannaire chomhghuaillíocht drong GPep i Háítí, atá cleamhnaithe le drong Brooklyn.<br><br>Faoina cheannas, tá GPep ag gabháil d'fhoréigean agus do ghníomhaíochtaí coiriúla i Háítí, lena n-áirítear sracadh, scriosadh maoine, fuadach, feallmharuithe agus éigniú.<br><br>Dá bhrí sin, tá Gabriel Jean-Pierre freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háítí i mbaol, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla leo agus a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear fuadach, dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar chúiseanna | |
|---|---|---|---|---|
| 3. | Ferdens TILUS<br><br>ar a dtugtar freisin General Meyer; Jeneral Meyer; Jeneral Meyè | Feidhmeanna: Ceannaire droinge Kokorat San Ras<br><br>Dáta breithe: 15.09.1995<br><br>Náisiúntacht: Háítíoch<br><br>Inscne: fireann | Is é Ferdens Tilus ceannaire droinge Kokorat San Ras i Háítí (limistéar Atribonite / an t-iarthuaisceart).<br><br>Faoina cheannas, tá drong Kokorat San Ras ag gabháil d'fhoréigean agus do ghníomhaíochtaí coiriúla i Háítí, lena n-áirítear dúnmharú, goid, éigniú, fuadach agus cuigleáil maoine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Ferdens Tilus freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an tslándáil i Háítí i mbaol, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean a bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla leo agus a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear fuadach, dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe.' | + |

'.

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo



PUBLIC